2026/2079

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2079 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

maidir le húdarú ullmhóide d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe: Industrial Técnica Pecuaria, S.A.)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú ullmhóide d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* (a leithdháileadh roimhe seo ar an speiceas *Trichoderma longibrachiatum*) CBS 139997. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(3) Baineann an t-iarratas le hullmhóid d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus d'ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite, agus iarrtar ann an breiseán a aicmiú sa chatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta'.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 27 Eanáir 2026 ([2]) go bhfuil an ullmhóid d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 sábháilte do bhainbh scoite ar an leibhéal cuimsithe molta de 20 aonad gníomhaíochta alfa-galachtóisíodáise (GALU) agus 25 aonad gníomhaíochta ion-1,4-béite-xiolanáise (AXC) in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán, agus do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go meastar gur íogróir riospráide í an ullmhóid d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 agus go meastar gur riosca é aon nochtadh trí ionanálú di. Níor thángthas ar aon chonclúid maidir le hacmhainneacht an bhreiseáin a bheith ina ghreannaitheoir craicinn ná súl ná ina íogróir craicinn. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhféadfadh an ullmhóid d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 a bheith éifeachtúil mar bhreiseán zóiteicniúil i gcás bainbh scoite ar an leibhéal úsáide molta, is é sin 20 GALU agus 25 AXC in aghaidh an kg de bheatha iomlán. Níor mheas an tÚdarás go raibh gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2026;24:e9920. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9920.

(5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas i measúnú roimhe seo i ndáil le hiarratas eile ar údarú an bhreiseáin chéanna, conclúidí agus moltaí a d'fhíoraigh an tÚdarás sa tuairim uaidh an 19 Márta 2020 ([3]), mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([4]), ní raibh gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha dá bhrí sin.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid d'alfa-galachtóisíodáis arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 agus ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú le haghaidh bainbh scoite. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, arb ullmhóid í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(4):6086. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6086.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj).

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: feabhsaitheoirí díleáiteachta.									
4a33	Industrial Técnica Pecuaria, S.A.	Ion-1,4-béite-xiolanáis (EC 3.2.1.8) agus alfa-galachtóisíodáis (EC 3.2.1.22)	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Ullmhóid d'ion-1,4-béite-xiolanáis (CE 3.2.1.8) arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 agus alfa-galachtóisíodáis (CE 3.2.1.22) arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740 ag a bhfuil íosghníomhaíocht einsímeach de: 50 AXC ([1])/g de bhreiseán agus 40 GALU ([2])/g de bhreiseán Foirm sholadach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Ion-1,4-béite-xiolanáis (EC 3.2.1.8) arna táirgeadh le *Trichoderma orientale* CBS 139997 agus alfa-galachtóisíodáis (EC 3.2.1.22) arna táirgeadh le *Aspergillus tubingensis* ATCC SD 6740	Bainbh scoite	-	25 AXC 20 GALU	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	an 8 Deireadh Fómhair 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			Modh anailíse ([3]) Maidir le hion-1,4-béite-xiolanáis a chainníochtú agus í sa bhreiseán beathaithe, i réamh-mheascáin agus sa bheatha chumaisc: — modh dathmhéadrach atá bunaithe ar imoibriú einsímeach ion-1,4-béite-xiolanáise i) ar shubstráit araibinixioláin chruithneachta (don bhreiseán beathaithe agus do na réamh-mheascáin) agus ii) ar shubstráit asó-xioláin (le haghaidh beatha chumaisc). Maidir le halfa-galachtóisíodáis a chainníochtú agus í sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin agus sa bheatha chumaisc: — modh dathmhéadrach atá bunaithe ar imoibriú einsímeach alfa-galachtóisíodáise ar an tsubstráit para-nítrifeinil-alfa-D-galachtaipioranóisíde.					

([1]) Is éard atá in aonad amháin gníomhaíochta ion-1,4-béite-xiolanáise (AXC) méid na heinsíme lena scaoiltear 0,058 micreamhól in aghaidh an nóiméid de shiúcraí dí-ocsaídithe, arna shloinneadh mar choibhéisí xiolóis, ó shubstráit araibinixioláin chruithneachta ag pH 4,7 agus 30 °C.

([2]) Is é an sainmhíniú a thugtar ar aonad amháin gníomhaíochta alfa-galachtóisíodáise (GALU) méid na heinsíme lena ndíghrádaítear micreamhól amháin in aghaidh an nóiméid de phara-nítrifeinil-alfa-D-galachtaipioranóisíd ag pH 5,5 agus 37 °C.

([3]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2079/oj

IO L, 18.9.2026